

# Aonad 9 Picnic sa Choill




## Triail Tuisceana



Lá breá samhraidh a bhí ann agus bhí lá saoire ag na páistí ón scoil. Chuaigh an chlann go dtí an choill. Chuir Daidí ruga mór ar an talamh. Chuir Mamaí agus na páistí an bia go léir amach.

Bhí ceapairí deasa ann, brioscaí seacláide, cáca milis agus borróga. Thaitin an bia go mór leis na páistí. Thaitin sé leis na beacha freisin. Tháinig beach mhór amháin i dtreo Chian. Léim sé suas agus rith sé trasna na páirce. D'eitil an bheach ina dhiaidh. Thosaigh Rambo, an madra, ag tafann. Thosaigh Conal ag gáire. Leis sin tháinig beach ina threo. Léim sé suas ach bhí sé ró-dhéanach. Chuir an bheach cealg ina chos. Conal bocht, ní ag gáire a bhí sé ansin!



1. Cén sórt lae a bhí ann? ..........................................................
2. Cá ndeachaigh an chlann? ..........................................................
3. Cé a chuir an ruga ar an talamh? ..........................................
4. Cén sórt bia a bhí ann? ..........................................................
5. Cén fáth ar léim Cian suas? ..................................................
6. Céard a rinne Rambo? ..........................................................
7. Cé a fuair cealg ina chos? ..................................................
8. An bhfuair tú cealg riamh? ..................................................

**Cuir in abairtí**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** lá saoire | **2.** ruga | **3.** ceapairí |
| **4.** thaitin | **5.** beach | **6.** léim |

# Gramadach

**A.**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** aon c**h**at amháin | **2.** dhá c**h**at | **3.** trí c**h**at |
| **4.** ceithre c**h**at | **5.** cúig c**h**at | |

**a)** Chonaic mé (1) (cat) amháin sa chistin.

........................................................................................................

**b)** Rith (5) (madra) síos an bóthar.

........................................................................................................

**c)** Bhí (3) (bád) ar an loch.

........................................................................................................

**d)** D'ith mé (2) (banana) inné.

........................................................................................................

**e)** Bhí (4) (bó) ina luí sa pháirc.

........................................................................................................

**B.**

| | | |
|---|---|---|
| **6.** sé c**h**at | **7.** seacht **g**cat | **8.** ocht **g**cat |
| **9.** naoi **g**cat | **10.** deich **g**cat | |

**a)** Bhí (8) (capall) sa rás.

........................................................................................................

**b)** Tá (6) (carbhat) ag mo dhaidí.

........................................................................................................

**c)** Chuir Conal (10) (pláta) ar an mbord.

........................................................................................................


**d)** Chonaic mé (7) (coinín) ag súgradh sa pháirc.

........................................................................................................

**e)** Thug Mamaí (9) (punt) dom.

........................................................................................................

# Féach agus Freagair



**Foclóir:** **cluiche; camán; seachtar; geansaí; bróga peile; gúna; clogad; brat**

1. Céard atá ar siúl sa phictiúr? ..................................................
2. An bhfuil a lán daoine ag féachaint ar an gcluiche? ............
3. Céard atá ina lámha acu? ...................................................
4. An bhfuil an ghrian ag taitneamh? .........................................
5. Cén sórt éadaí atá ar na himreoirí? .......................................
6. Cé mhéad imreoir atá sa phictiúr? .........................................
7. An bhfuil camán agat sa bhaile? ............................................
8. Cén dath atá ar bhrat na scoile? ............................................

**Scríobh ceithre abairt ar an bpictiúr thuas.**